# TOMÁS BAIRÉAD PAPERS

## GP2/82

Galway County Council Archives

GP2/82

9 Sráid Máire
i nGaillimh.
14-10-1922.

A Ṫomáis, a ċara,

Fuaireas do leitir ar maidin indiu, go raiḃ míle maiṫ agat. Tuairim coicṫigis ó soin ḃí mé i mBaile Áṫa Cliaṫ, aċ ní ḋeárna mé aċ seasam ann. Cúpla lá ó soin tairgeaḋ posta dom i Sgoileanna Somplaċa Ceardlair Áṫa Cliaṫ, agus tá mé a' braṫ air a ḋul suas Dia h-Aoine seo ċugainn, le congnam Dé. Mara dtaitniḋ an áit liom ní ḟanfaiḋ mé ann. Ḃfuil fios agat áit ar biṫ a ḃfuigeaḋ duine lóisdín? Tá faitċíos orm naċ mbeiḋ mo ṡean-ṡeomra le fágail agam — má ḃíonn, is ann a ḟanfas mé, aċ mara mbí caiṫfiḋ mé bóṫar a ḃualaḋ go h-áit eicínt eile. Sílim go bfaca mé "Norfolk Road" aon uair amáin: ní bréag naċ deas an áit é. Is maiṫ an sgéal go dtaitnigeann an obair leat. Cuir mé giota Gaedilge a' triall ar luċt an páipéir sin seaċtmain nó dó ó soin, aċ ní ḃfuaireas sgéala ná sguan faoi ó soin. Ḃí cineál briseaḋ-amaċ idir mé féin agus S. S. sul d'ḟág sé Gaillimh, agus ní ḃíonn ṫar "mbeannuigiḋ Dia duit" eadrainn ó soin. Tá an Dálaċ a' guardal ṫart annseo fós. Cuireann siad fromṫaí Gaedilge aníos annseo le léigeaḋ bunáite gaċ uile seaċtmain. Sgríoḃ Séamus léir-meas ar "Leaḃar na Leanḃ"

Sgaoil sé uaiḋ réiḋ go leór mé, agus is ceart dom a ḃeiṫ buiḋeaċ ḋó. Ċualaiḋ mé go raiḃ Séamus Ó Murċaḋa a' múnaḋ i gColáiste "Belvedere". Tá Pádraig Ó Caḋain ar Claiġdeaċ i mBlóċ Cliaṫ freisin – casaḋ orm é an lá raiḃ mé ṫuas. Tá súil agam go ḃfuil tú féin agus Mairéad ṫar barr ó ṡoin. Maidir linne ḋe sin támuid réasúnta, slán an té ḟiafruiġeas. Mé féin cruaḋóġaċ go maiṫ ag iarraiḋ leabrín eile a ċur i dtoll a ċéile: b'féidir go dtiubrṫá congnaṁ dom leis amaċ annseo, faoi n-a ḃeiṫ slán dúinn. Measaim gur ar ṫraen na maidne – 9.30 – ḟágfas mé Gaillimh Dia h-Aoine, le congnaṁ Dé. Má ḃíonn tú saor b'féidir go bfeicfinn ag an mBroadstone tú.

le mór-meas ort

Mise

do ṡean-ċara

Tomás Ó Ragallaiġ